# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

S.44T

SCRÚDU AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2004

## STAIDÉAR GNÓ - ARDLEIBHÉAL - PÁIPÉAR 11

**(160 Marc)**

DÉ CÉADAOIN, 16 MEITHEAMH 2004 – IARNÓIN, 2.00 go 4.00

- Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.
- **CEITHRE** cheist ar bith a fhreagairt.
- Bronnfar marcanna ar leagan amach agus ar chur i láthair.
- Úsáid Fóilionna mar is cuí.
- Ba cheart go dtaispeánfaí an lá, an mhí agus an bhliain sna dátaí.
- Is ceadmhach áireamháin a úsáid.

Tá na ceisteanna uile ar aon mharc. **CEITHRE** cheist ar bith a fhreagairt.
Bronnfar marcanna ar leagan amach agus ar chur i láthair.
Úsáid Fóiliónna mar is cuí. Ba cheart go dtaispeánfaí an lá, an mhí agus an bhliain sna dátaí.
Is ceadmhach áireamháin a úsáid.

**1.** **Freagair GACH roinn. Is ceist í seo a bhaineann le Leabhar Túsiontrála agus le Mórleabhar.**

Thaispeáin MAHCEB Tta na hiarmhéideanna seo a leanas ina Leabhar Cúnta Ginearálta ar 1 Bealtaine 2004:

**LEABHAR CÚNTA GINEARÁLTA (Leathanach 1)**

| Dáta | Sonraí | F | Dr € | Sr € |
|---|---|---|---|---|
| 1/5/2004 | Foirgnimh | MLG1 | 230,000 | |
| | Creidiúnaí DIRDAM Tta | MLC1 | | 23,000 |
| | Banc | LA1 | 11,000 | |
| | Caipiteal Gnáthscaireanna | MLG2 | | 218,000 |
| | Sóchmhainní, Fiachais agus Scairchaipiteal MAHCEB Tta | | 241,000 | 241,000 |

**(A)** Breac na hiarmhéideanna sa Leabhar Cúnta Ginearálta thuas do na cuntais mhórleabhair chuí. (5)

**(B)** Breac na figiúirí cuí ó Leabhar na gCeannachán agus ó Leabhar na nDíolachán thíos don Mhórleabhar. (9)

**LEABHAR LAE NA gCEANNACHÁN (Leathanach 1)**

| Dáta | Sonraí | Uimh. Shonraisc | F | Glan € | CBL € | Iomlán € |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 3/5/2004 | DIRDAM Tta | 1 | MLC1 | 32,000 | 6,720 | 38,720 |
| 15/5/2004 | UNAM Tta | 2 | MLC2 | 19,000 | 3,990 | 22,990 |
| | | | | 51,000 | 10,710 | 61,710 |
| | | | | MLG3 | MLG4 | |

**LEABHAR LAE NA nDÍOLACHÁN (Leathanach 1)**

| Dáta | Sonraí | Uimh. Shonraisc | F | Glan € | CBL € | Iomlán € |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 11/5/2004 | FFUD Tta | 1 | MLF1 | 13,000 | 2,730 | 15,730 |
| | | | | MLG5 | MLG4 | |

**(C)** Déan na Bearta Bainc seo a leanas do Mhí Bealtaine a thaifeadadh. Breac na figiúirí cuí don mórleabhar.

Nóta: Miondealaigh na bearta bainc agus tú ag baint úsáide as na ceannteidil seo a leanas:

**Taobh an Dochair (Fáltais):** Banc; Díolacháin; CBL; Féichiúnaithe; Scairchaipiteal

**Taobh an Chreidmheasa (Íocaíochtaí):** Banc; Ceannacháin; CBL; Creidiúnaithe; Árachas

| | | |
|---|---|---|
| 2/5/2004 | Árachas íoctha | (Seic Uimh. 1) €3,400 |
| 3/5/2004 | Lóisteáladh Díolacháin ar Airgead Síos | €62,920 (€52,000 + €10,920 CBL) |
| 16/5/2004 | Íocadh a chuntas iomlán le Diram Tta | (Seic Uimh. 2) |
| 23/5/2004 | D'íoc FFUD Tta €13,700 agus lóisteáladh é sin. Admháil Uimh. 1 | |
| 26/5/2004 | D'infheistigh scairshealbhóirí €80,000 agus lóisteáladh é sin. | |
| 30/5/2004 | Ceannacháin le hathdhíol | (Seic Uimh. 3) €47,000 + CBL 21%. |

(18)

**(D)** Comhardaigh na cuntais ar 31 Bealtaine 2004 agus bain amach Comhardú Trialach amhail ar an dáta sin. (8)



**(40 marc)**

**2.** **Freagair GACH roinn. Ceist Imeasctha í seo a bhaineann le Doiciméid agus Leabharchoimeád.**

Ar 5 Bealtaine 2004, d'eisigh AFLA Tta sonrasc do €3,200, le haghaidh rothair a díoladh ar cairde, le Nolan Tta, Port Laoise, Co. Laoise. Ar 8 Bealtaine 2004, chuir Nolan Tta litir ghearáin chuig AFLA Tta á rá gur tharla damáiste do dheich gcinn de na rothair faoi bhealach. Ba é an praghas ar rothar ná €160 gan CBL a bheith san áireamh.

D'eisigh AFLA Tta Nóta Creidmheasa Uimh. 12 ar 13 Bealtaine 2004.
Ba í an lascaine thrádála ná 25% agus an CBL ná 21%.

Tar éis an Nóta Creidmheasa a fháil d'eisigh Nolan Tta seic don mhéid gan íoc agus d'eisigh AFLA Tta Admháil Uimh. 5 a bhí sínithe ag Aindí Ó hAilín ar 30 Bealtaine 2004.

**(A)** Taispeáin conas ba cheart do AFLA Tta déileáil le:
(i) Nótaí Creidmheasa eisithe;
(ii) Admhálacha eisithe. (12)

**(B)** Ag baint úsáide as na sonraí thuas, comhlánaigh Nóta Creidmheasa Uimh. 12 agus Admháil Uimh. 5 *ar an mbileog dhoiciméid bhán atá curtha ar fáil leis an bpáipéar seo*. (15)

**(C)** Taifead an Nóta Creidmheasa agus an Admháil a eisíodh i Leabhar na nAischur Isteach agus i Leabhar Miondealaithe Airgid Thirim AFLA Tta, *ar an mbileog ar leith a cuireadh ar fáil leis an bpáipéar seo*. (13)

**(40 marc)**

**3.** **Freagair GACH roinn. Ceist Mhargaíochta í seo.**

**(A)** Luaigh **ceithre** thoisc ba cheart do ghnólacht a chur san áireamh roimh chinneadh a dhéanamh táirge a tháirgeadh. (8)

**(B)** Mínigh **dhá** mhodh chun eolas a fháil faoi mhargadh. (8)

**(C)** Is aerlíne bheagchostais í Cnocaer a eitlíonn ó Aerfort an Chnoic go dtí deich bpríomhchathair san Eoraip. Tá an Comhlacht chun bealach nua a sheoladh ón gCnoc go Páras. Fágfaidh na heitiltí ag 6.30 a.m. seacht lá sa tseachtain. Tosóidh an bealach nua ar 1 Meitheamh 2004 agus cosnóidh sé €15, bealach amháin, móide cánacha rialtais. Is ar an idirlíon a dhéantar áirithintí ag www.cnocaer.com.

(i) Dréachtaigh fógra oiriúnach don bhealach nua seo, a d'fhéadfaí a chur isteach i nuachtán náisiúnta.

(ii) Luaigh **trí** mhodh, seachas nuachtán agus an idirlíon, chun aerlíne bheagchostais a fhógairt. (24)

**(40 marc)**

**4.** **Freagair GACH roinn. Ceist í seo a bhaineann le Cuntais Chríochnaitheacha agus Clár Comhardaithe.**

Baineadh an Comharda Trialach seo a leanas as leabhair Ó Ceallaigh Tta ar 31 Bealtaine 2004. Is é an Scairchaipiteal Údaraithe atá ann ná 350,000 de ghnáthscaireanna ar €1 an ceann.

| **COMHARDÚ TRIALACH Ó CEALLAIGH Tta ar 31 Bealtaine 2004** | **Dr.**<br>**€** | **Sr.**<br>**€** |
|---|---|---|
| Ceannacháin agus Díolacháin | 130,000 | 350,000 |
| Aischuir Isteach | 10,000 | |
| Stoc Tosaigh 1/6/03 | 18,000 | |
| Carraeireacht Isteach | 3,000 | |
| Féichiúnaithe agus Creidiúnaithe | 15,000 | 18,000 |
| Fógraíocht | 2,000 | |
| Pánna | 52,000 | |
| Veain Seachadta | 78,000 | |
| Trealamh | 110,000 | |
| Cíos Infhaighte | | 8,000 |
| Airgead Tirim | 4,000 | |
| Cúlchistí (Comhardú Brabúis agus Caillteanais) | | 26,000 |
| Iasacht 10 mBliana | | 20,000 |
| Drochfhiacha | 5,000 | |
| Foirgnimh | 245,000 | |
| Scairchaipiteal Eisithe: 250,000 gnáthscaireanna ar €1 | | 250,000 |
| | 672,000 | 672,000 |

**(A)** Iarrtar ort **Cuntais Trádála Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála** an chomhlachta a ullmhú don bhliain dar chríoch 31 Bealtaine 2004 agus **Clár Comhardaithe** amhail ar an dáta sin.

Tugtar an t-eolas seo a leanas duit amhail ar 31 Bealtaine 2004.

| | | |
|---|---|---|
| (i) | Stoc ar Deireadh | €21,000 |
| (ii) | Cíos Infhaighte réamhíoctha | € 2,000 |
| (iii) | Pánna dlite | € 5,000 |
| (iv) | Díbhinn fógraithe 20% | |
| (v) | Dímheas: Trealamh 15%; Veaineanna Seachadta 12%. | |

(35)

**(B)** Ríomh an meánstoc don bhliain. (5)

**(40 marc)**

**5.** **Freagair GACH roinn. Ceist í seo a bhaineann le Measúnú ar Chomhlacht Príobháideach Teoranta, agus Plean Gnó.**

**(A)** Cad é an líon is mó scairshealbhóirí is féidir a bheith ag comhlacht príobháideach teoranta? (4)

**(B)** Tá H M Tta suite ag Ascaill na Raice, Coillte Mách, Co. Mhaigheo. Táirgeann agus dáileann siad T-léinte ceoil do mhargadh na hÉireann agus na hEorpa. Is iad na scairshealbhóirí agus na stiúrthóirí ná Samanta Harte agus Micheál Seosamh Mumba. Is í Samanta Harte an stiúrthóir bainistíochta.

Tá cuntas bainc ag H M Tta sa **permanent tsb**. Fógraíonn siad a T-léinte ar an idirlíon agus in irisí ceoil.

Chuir taighde margaidh an t-eolas seo a leanas ar fáil:
tá poitéinseal ann do fhiche milliún custaiméir;
tá cúig phríomhiomaitheoir ann.

Cuireann H M Tta an t-eolas airgeadais seo a leanas ar fáil don bhliain dar chríoch 31/5/2004: Díolacháin (30,000 T-léine) €600,000; Brabús Glan €200,000; Caipiteal in Úsáid €1,400,000.

Is mian le H M Tta an comhlacht a fhorleathnú ar chostas iomlán de €2,000,000. Tá cúlchistí de €300,000 acu agus gheobhaidh siad deontas de €500,000. Tá súil acu an chuid eile den airgeadas a ardú trí scaireanna a eisiúint do chairde an chomhlachta.

Tá do chabhair ag teastáil ó H M Tta chun:

(i) An Corrlach Brabúis Ghlan agus an Toradh ar Chaipiteal in Úsáid a ríomh (freagraí go dtí an dara deachúil is gaire) don bhliain dar chríoch 31/5/2004;

(ii) An t-airgeadas a chaithfidh siad a ardú trí scaireanna a eisiúint a ríomh;

(iii) An Plean Gnó a chomhlánú *ar an mbileog dhoiciméid bhán a chuirtear ar fáil leis an bpáipéar seo*, ag baint úsáide as dáta an lae inniu. (36)

**(40 marc)**

**6.** **Freagair GACH roinn. Is ceist í seo a bhaineann le Monatóireacht ar Fhorchostais agus Leabhar Miondealaithe Airgid Thirim.**

**(A)** Tabhair **dhá chúis** go bhfuil sé tábhachtach do ghnó monatóireacht a dhéanamh ar fhorchostais. (4)

**(B)** Taispeánann an tábla seo a leanas na figiúirí Buiséadacha agus na figiúirí Iarbhír don bhliain 2003 do ghnó.

**Forchostais Ghnó do 2003**

| Forchostais | Buiséadach € | Iarbhír € |
|---|---|---|
| Pánna | 75,000 | 60,000 |
| Drochfhiacha | 25,000 | 15,000 |
| Carraeireacht Amach | 14,000 | 14,000 |
| Teileafón | 17,000 | 21,000 |
| Solas agus Teas | 12,000 | 9,200 |
| Ús ar Iasacht | 900 | 1,400 |

(i) Liostaigh na forchostais a bhfuil a bhfigiúirí iarbhír **níos mó** ná na figiúirí buiséadacha agus tabhair cúis **amháin** a d'fhéadfadh a bheith leis an difríocht i gcás gach forchostas.

(ii) Liostaigh na forchostais a bhfuil a bhfigiúirí iarbhír **níos lú** ná na figiúirí buiséadacha agus tabhair cúis **amháin** a d'fhéadfadh a bheith leis an difríocht i gcás gach forchostas. (15)

**(C)** Comhlánaigh agus comhardaigh Leabhar Miondealaithe Airgid Thirim (Leabhar Miondealaithe na bhFáltas agus na nÍocaíochtaí) an Dochtúir Áine Ní Fholláin, do mhí Bealtaine 2004 ón dáta thíos:
Bain úsáid as na colúin airgid seo a leanas:

**Taobh an Dochair (Fáltais):** **Banc; Othair Phríobháideacha; Othair Chartaí Leighis; Eile.**
**Taobh an Chreidmheasa (Íocaíochtaí):** **Banc; Solas; Pánna; Teileafón; Eile.**

| | | | € |
|---|---|---|---|
| 1/5/04 | Iarmhéid sa bhanc | | 3,400 |
| 2/5/04 | D'íoc pá an Fháilteora | Seic Uimh. 1 | 600 |
| 3/5/04 | Cheannaigh troscán oifige nua | Seic Uimh. 2 | 3,100 |
| 5/5/04 | Dhíol troscán oifige athchaite | Admháil Uimh. 1 | 400 |
| 7/5/04 | D'íoc BSL | Seic Uimh. 3 | 200 |
| 9/5/04 | D'íoc Pól Jones a bhille leighis | Admháil Uimh. 2 | 80 |
| 13/5/04 | D'íoc an Roinn Sláinte agus Páistí as othair chártaí leighis | Admháil Uimh. 3 | 1,000 |
| 20/5/04 | D'íoc pá na haltra cleachtais | Seic Uimh. 4 | 1,200 |
| 22/5/04 | D'íoc Eircom | Seic Uimh. 5 | 750 |
| 23/5/04 | D'íoc Peigí Gordan a bille leighis | Admháil Uimh. 4 | 90 |
| 25/5/04 | D'íoc Micheál Ó Máirtín a bhille leighis | Admháil Uimh. 5 | 100 |
| 27/5/04 | D'íoc pá an ghlantóra | Seic Uimh. 6 | 200 |
| 31/5/04 | D'íoc an Roinn Sláinte agus Páistí as othair chártaí leighis | Admháil Uimh. 6 | 2,000 |
| 31/5/04 | D'aistarraing Áine airgead di féin | Seic Uimh. 7 | 3,000 |

(21)

**(40 marc)**

# Leathanach Bán

# Leathanach Bán

# STAIDÉAR GNÓ - PÁIPÉAR 11, 2004

**Uimhir Scrúdaithe** ____________________

**Le húsáid le Ceist 2 (B)**

**NÓTA CREIDMHEASA** **UIMH. 12**
**AFLA Tta, An Phríomhshráid, Port Láirge**
**Uimh. Theil.** 051-378751
**CBL Clár.** IE 423165

**Do:** ______________________ **Dáta :** ____________

______________________

______________________

Uimh. Ordú 78

| Méid | Sonraí | Costas Aonaid € | Iomlán (gan CBL) € |
|---|---|---|---|
| | | | |
| | | | |
| | | Iomlán (gan CBL) | |
| | | Lascaine Thrádála | |
| | | | |
| | | CBL | |
| E & EE | | Iomlán (le CBL) | |

**Le húsáid le Ceist 2 (B)**

**ADMHÁIL** **Uimh. 5**
**AFLA Tta, An Phríomhshráid, Port Láirge**

Dáta:________________

| | |
|---|---|
| Faighte ó: | € |
| | |
| Suim de: | |
| | |
| Le buíochas | Sínithe:__________________________(Rannóg na gCuntas) |

**Le húsáid le Ceist 2 (C)**

**LEABHAR NA nAischur Isteach ( Leathanach 1 )**

| Dáta | Sonraí | Nóta Creidmheasa Uimh. | F | Glan € | CBL € | Iomlán € |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | |

**LEABHAR MIONDEALAITHE AIRGID THIRIM (TAOBH AN DOCHAIR) Leathanach 1**

| Dáta | Sonraí | Admháil Uimh. | F | Banc | FÉICHIÚNAÍ |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | |

**É SEO A CHUR AR AIS LE DO FHREAGARLEABHAR LE DO THOIL**

## STAIDÉAR GNÓ - PÁIPÉAR 11, 2004

**Uimhir Scrúdaithe** [ ]

**Le hÚsáid le Ceist (5) (B) (iii)**

**PLEAN GNÓ**

| | |
|---|---|
| **SONRAÍ AN CHOMHLACHTA**<br>Ainm an Chomhlachta | |
| Seoladh an Chomhlachta | |
| | |
| | |
| Scairshealbhóirí/Stiúrthóirí | |
| | |
| Stiúrthóir Bainistíochta | |
| Banc an Chomhlachta | |
| **TÁIRGE**<br>Cur síos ar an Táirge | |
| | |
| **TAIGHDE MARGAIDH**<br>Méid an Mhargaidh | |
| Iomaíocht | |
| | |
| Praghas an T-léine | € |
| **FÓGRAÍOCHT DÍOLACHÁIN**<br>Modhanna | |
| | |
| **AIRGEADAS**<br>Iomlán atá ag teastáil | € |
| Méid atá ar fáil | € |
| Infheistíocht Scaireanna atá ag teastáil | € |
| **SÍNITHE** | (i) |
| | (ii) |
| **DÁTA** | |

**É SEO A CHUR AR AIS LE DO FHREAGARLEABHAR LE DO THOIL**